



Lámhleabhar na bPobal Fuinnimh Inbhuanaithe



An tAistear i dTreo na Neodrachta



Bunaíodh SEAI

Bunaíodh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann mar údarás náisiúnta fuinnimh na hÉireann faoin Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002, chun oibriú le sealbhóirí tí, gnólaigh, pobail agus rialtais chun todhchaí ina mbeidh fuinneamh níos glaine a chruthú.



An Líonra Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe

Bhunaigh SEAI clár na bPobal Fuinnimh Inbhuanaithe (PFI) in 2015 chun tacú le gluaiseacht náisiúnta pobal.



Plean um Gníomhú ar son na hAeráide

Sa chéad Phlean um Gníomhú ar son na hAeráide a bhí ag Éirinn (CAP19), leagadh amach gníomhartha uailmhianacha chun dul i ngleic le tionchair éagsúla agus fadréimseacha ar chomhshaol, sochaí, agus acmhainní eacnamaíocha agus nádúrtha na hÉireann.



Spriocanna Beartais Náisiúnta Aeráide

Spriocanna CAP19: Go mbeidh 1,500 pobal mar chuid den Líonra PFI faoi 2030. Laghdú 50% a chur ar ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030. Ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa bliantúla a laghdú faoina leath ar bhonn náisiúnta.

2002

2007

2015

2015

2019

2025

2030

2050



Samhail an Phobail Fuinnimh Inbhuanaithe

Cruthaíodh an coincheap in 2007 le Dún Dealgan 2020, mar chuid den tionscadal EU HOLISTIC, faoi stiúir SEAI agus Comhairle Contae Lú.



Páipéar Bán ar Fhuinneamh

Leis an bPáipéar Bán seo, leagtar amach fíis chun earnáil fuinnimh na hÉireann atá bunaithe ar bhreosla iontaise a athrú ina chóras fuinnimh atá glan agus ar ísealcharbón faoi 2050, agus a bheidh saor ó charbón faoi 2100, rud a éilíonn ar gach úsáideoir fuinnimh smaoineamh agus gníomhú ar bhealach éagsúil chun athrú a dhéanamh ar an úsáid fuinnimh.



An Líonra Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe

Tá an Líonra PFI ag feidhmiú i ngach cuid den tír anois agus tá os cionn 1,000 pobal ag dul i mbun gnímh áitiúil.



Spriocanna Beartais Náisiúnta Aeráide

Sprioc CAP19: caithfidh córas fuinnimh na hÉireann astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach i bhfad roimh 2050.

Clár na nÁbhar

04 Fáilte

08 Foghlaim

14 Pleanáil

22 Déan

Grianghraf ar an gclúdach: PFI na gCloch Liath & Dheilgne - Iomaitheoir sa bhabhta ceannais de na Gradaim Fuinnimh 2024

Fáilte

Oibríonn Líonra na bPobal Fuinnimh Inbhuanaithe (PFI) de chuid SEAI chun teagmháil a dhéanamh le saoránaigh agus iad a chumasú le bheith ina saoránaigh fuinnimh ghníomhacha.

Cabhraíonn an lámhleabhar seo leat tionchar a imirt ar thodhchaí do phobail, ach tú a threorú trí na céimeanna ríthábhachtacha chun d'fhís fhadtéarmach a phleanáil agus a bhaint amach.

Tugann sé leideanna duit, agus dea-chleachtais agus naisc chuig acmhainní eile agus tacaíochtaí ar féidir rochtain a dhéanamh orthu nó iad a íoslódáil ó na hardáin SEAI.

Is féidir leat an lámhleabhar seo a cheadú ó am go chéile, ag brath ar an gcéim ag a bhfuil do PFI.

An PFI Triarach (a nascann PFI na Cabraí, PFI Bhóthar na gCloch agus PFI Shráidbhaile Bhaile Phib) - Buaiteoir Ghradaim Fuinnimh SEAI 2024



Fuinneamh a chur i do Phobal


Todhchaí inbhuanaithe á cruthú ag pobail nasctha

Is ionann PFI agus grúpa daoine a oibríonn le chéile go háitiúil chun fuinneamh a úsáid ar bhealaí freagracha agus inbhuanaithe ar mhaithe lena bpobal féin:

- Bíonn sé mar aidhm acu a bheith chomh tíosach ar fhuinneamh agus is féidir;
- Fuinneamh in-athnuaite a úsáid nuair is féidir;
- Smaoineamh ar réitigh fuinnimh chliste.

Tá sé de chumas ag do PFI daoine eile atá ag cónaí agus ag obair i do phobal a threorú, tionchar a imirt orthu, teagmháil a dhéanamh leo agus iad a chumasú.

Trí oibriú le chéile ar leibhéal an phobail, is féidir le PFIanna i bhfad níos mó a bhaint amach mar ghrúpa chun astaíochtaí carbóin a laghdú agus comhthairbhí don phobal a sholáthar.



Líonra na bPobal Fuinnimh Inbhuanaithe

Tá tú mar chuid de líonra náisiúnta piaraí anois ina bhfuil beagnach 1000 pobal. Mar bhall den líonra, tá rochtain agat ar raon tacaíochtaí ó SEAI chun do chuid eolais agus scileanna a fhorbairt chomh hard le tionscadail fuinnimh a chur i bhfeidhm.

Tá deis agat freisin chun foghlaim ó phobail áitiúla eile agus chun acmhainní, eolas agus taithí a roinnt leo. Cuireann sé sin ar chumas gach duine atá páirteach comhthairbhí fadtéarmacha frithpháirteacha a fháil.

Cuireann líonra na PFIanna ar a gcumas do phobail fuinneamh a bhainistiú agus a shábháil ar fud na n-earnálacha go léir. Trí bheith ina bhall den líonra, is féidir le PFIanna rochtain a dhéanamh ar thacaíocht ó mheantóirí agus foghlaim uathu. Bíonn deiseanna acu teagmháil a dhéanamh le piaraí, cuairt a thabhairt ar láithreáin taispeántais agus éisteacht le scéalta ó PFIanna eile.

Meantóir na bPobal Fuinnimh Inbhuanaithe

Tá meantóir pobail lonnaithe i ngach contae in Éirinn. Oibríonn na meantóirí i gceann amháin de cheithre réigiún agus eagraíonn ceann de cheithre chomhordaitheoir réigiúnacha iad.

Cuireann sé sin acmhainneacht agus acmhainní ar fáil chomh gar do phobail agus is féidir. Ciallaíonn sé sin go bhfaigheann tú treoir agus tacaíocht áitiúil spriocdhíríte ó mheantóir a bhfuil taithí aige nó aici. Cuireann na meantóirí aiseolas uait ar aghaidh chuig SEAI chun cabhrú linn an clár a fheabhsú agus na tacaíochtaí is oiriúnaí do do riachtanais a fhorbairt.

Déanfaidh an meantóir áitiúil SEAI teagmháil leat agus cuirfidh siad iad féin in aithne duit. Seans gur bhuail tú leis an meantóir cheana féin, mar is minic a bhíonn siad páirteach i bpobail nua a thabhairt isteach sa líonra.

“Líonra de phobail fuinnimh ghníomhacha a bheidh i gceannas ar an gclaochlú sochaíoch chuig todhchaí ísealcharbóin”

Féach ar Léarscáil na bPobal Fuinnimh Inbhuanaithe de chuid SEAI




Céimeanna Chlár na bPobal Fuinnimh Inbhuanaithe

Tá uailmhianta agus físeanna éagsúla ag PFIanna maidir lenar féidir a bhaint amach go háitiúil.

Tá cuid díobh ag tosú amach le líon beag daoine, ach tá cuid eile ag cur le tionscnaimh fuinnimh a bhí ann cheana féin, nó tá eagraíochtaí seanbhunaithe acu chun tionscnaimh a thabhairt chun cinn. Is cuma cén chéim ag a bhfuil tú nó cén scála a bhaineann leat, tugann SEAI tacaíocht sna trí chéim leathana, Foghlaim, Pleanáil agus Déan.

Áirítear leis sin:

- **Céim na Foghlama:** rochtain ar acmhainní chun tús a chur leis agus rochtain ar mheantóir contae a thugann tacaíocht duine le duine.
- **Céim na Pleanála:** rochtain ar airgeadas agus Máistirphlean Fuinnimh á fhorbairt agat ina sainaitheann an chaoi a n-úsáidtear fuinneamh i do phobal agus ina sainaitheann na chéad chéimeanna oiriúnacha eile chun astaíochtaí carbóin a laghdú.
- **Céim an Déanta:** tacú le rochtain a dhéanamh ar dheontais fuinnimh pobail nuair atá tú réidh le hinfheistiú i dtionscnaimh fuinnimh inbhuanaithe.
- **Roinn:** Teagmháil a dhéanamh le do líonraí piaraí agus leis an bpobal i gcoitinne chun saíneolas a roinnt, tacú le foghlaim agus éachtaí a cheiliúradh.



FOGHLAIM

Baineann foghlaim leis an bpobal a shocrú, bualadh le do mheantóir agus foghlaim ó thaithí phobail eile. Cuireann an doiciméad seo uirlisí ar fáil a ligfidh duit do ról a mheas, deiseanna a leagan amach agus tosú ag smaoineamh ar fhís do phobail ar bhealach eolasach.

Déanfaidh tú na nithe a leanas sa chéim seo:

- ✓ Teagmháil a dhéanamh le do mheantóir agus leas a bhaint as deiseanna foghlama ó phiaraí agus as do stuaim féin, agus freastal ar imeachtaí.
- ✓ Do choiste a chur ar bun agus teagmháil a dhéanamh le do phobal i gcoitinne.
- ✓ Measúnú a dhéanamh ar réimse scileanna do phobail agus ar na deiseanna atá ar fáil duit.
- ✓ Leag d'aidhmeanna agus d'fhís amach i do chairt phobail.

PFI Bhaile an Inbhir Mhóir



1 Do phobal a shocrú

Ag obair le do mheantóir

Oibreoidh do mheantóir SEAI leat chun tú a threorú trí Chéim na Foghlama. Tabharfaidh siad tacaíocht leat chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil chun do PFI a chruthú agus chun do láithreacht sa líonra agus i do phobal i gcoitinne a chur ar bun.

Tús a chur leis an obair


Sa doiciméad seo, leagtar amach dea-chleachtas ó do líonra pobail piaraí maidir le tús a chur leis an obair.

Tá sé ríthábhachtach roinnt ama a thabhairt duit féin ag an tús chun do phobal a chur ar bun ionas go mbeidh tú in ann:

- **Cur le** do chuid eolais trí theagmháil a dhéanamh le hardáin foghlama SEAI agus le pobail eile.
- **Bainistigh** oibríochtaí go héifeachtach i do phobal as eo amach.
- **Cuir** do theachtaireacht agus do láithreacht in iúl don phobal i gcoitinne go héifeachtach.
- **Socraigh** do choiste stiúrtha chun fíis agus spriocanna do phobail a léiriú agus a bhaint amach.

Teimpléad le híoslódáil

Treoir chun do PFI a Chur ar Bun



2 Measúnú a dhéanamh ar do scileanna agus do dheiseanna a mhapáil

Measúnú ar Scileanna


Tá sé riachtanach cur le do scileanna agus leas a bhaint as saineolas chun dul ar aghaidh trí na céimeanna Foghlaim, Pleanáil, Déan.

Tá roinnt de na scileanna a theastóidh le go n-éireoidh leat curtha in iúl ag pobail atá ann cheana féin agus beidh cuid de na scileanna sin ag baill do PFI. Aimseofar scileanna eile ón bpobal i gcoitinne, ó do mheantóir SEAI, nó ó chomhairleoirí agus conraitheoirí iontaofa a mbeidh tú i dteagmháil leo ag céimeanna éagsúla (e.g. scileanna dlí, teicniúla, airgeadais).

Cuir roinnt ama ar leataobh chun measúnú a dhéanamh ar bhur láidreachtaí mar ghrúpa agus chun réimsí atá le forbairt a shainaithint san acmhainn atá nasctha leis seo.

Deiseanna a Mhapáil

Cuireann an cur chuige seo leis an anailís ar scileanna a rinneadh roimhe seo. Is próiseas é deiseanna a mhapáil chun na hacmhainní, na scileanna agus an t-eolas atá ar fáil laistigh de do phobal i gcoitinne chun tacú leat i dtionscnaimh fuinnimh inbhuanaithe agus i bhforbairt pobail a shainaithint agus a dhoiciméadú. Ní mór an mhapáil a dhéanamh mar ghníomhaíocht ghrúpa le do choiste agus le baill do PFI.



Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe Deiseanna

Deiseanna inár bPobal	Daoine	Pobal	Ait
	Daoine a bhfuil aonair agus aonair iad (e.g. daoine a bhfuil aonair agus aonair iad)	Daoine a bhfuil aonair agus aonair iad (e.g. daoine a bhfuil aonair agus aonair iad)	Daoine a bhfuil aonair agus aonair iad (e.g. daoine a bhfuil aonair agus aonair iad)
Láidreachtaí a bhfuil aonair agus aonair iad (e.g. daoine a bhfuil aonair agus aonair iad)			
Láidreachtaí a bhfuil aonair agus aonair iad (e.g. daoine a bhfuil aonair agus aonair iad)			

Teimpléid le híoslódáil



Do Chairt Phobail a leagan amach

Is uirlis áisiúil í an chairt phobail chun do straitéis a chur in iúl don phobal i gcoitinne. Ní doiciméad dlíthiúil é an chairt, is bealach daoibhse mar phobal é chun bhur ngealltanas a thuiscint agus a leagan amach, agus chun bhur rún soiléir chun teagmháil a dhéanamh leis an bpobal i gcoitinne a leagan amach freisin.

Agus measúnú déanta agat ar bhur scileanna agus deiseanna is féidir libh é sin a úsáid chun an fhís agus na spriocanna le haghaidh bhur bpobal a leagan amach.

Tá PFIanna den tuairim go dtugann an chairt soiléiriú ar an gcuipóir agus go mbíonn sí ag teacht leis na riachtanais agus spriocanna a bhaineann go sonrach le do phobal, go dtugann sí treoir agus go leagtar amach uailmhianta comhchoiteanna réadúla léi. Ba cheart go léireodh sí do phríomhréimsí spéise maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus cleachtais fuinnimh inbhuanaithe a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm.

Ba cheart do gach ball den choiste an chairt phobail a dhearadh, a chomhaontú agus a shíniú.

Leagtar amach í ag céim luath den phróiseas ach is doiciméad oibre í ar féidir agus ar cheart athbhreithniú a dhéanamh air agus é a athshainiú de réir mar a dhéantar dul chun cinn agus forbairt ar do PFI le himeacht ama.

Níl aon phróiseas ceadaithe ann don chairt ach cuirfear ar aghaidh í mar chuid de d'iarratas EMP níos faide anonn. Seans gur mian leat an toradh deiridh a phlé le do mheantóir chun aiseolas a fháil uaidh nó uaithi.


Agus cuimhnigh! Bainigí sult as: ligigí scód le bhur samhlaíocht agus bíodh uailmhian mhisniúil agaibh: is LIBHSE an PFI seo.

Féach sampla de chairt thipiciúil ar an gcéad leathanach eile.

Clár na bPobal Fuinnimh Inbhuanaithe Cairt			
Name: _____			
Fís Our vision	Misean Our mission	Spriocanna Our goals	We the undersigned are fully supportive of, and commit to the vision, goals and implementing actions to realise our ambitions in and for our community.
Ár nGníomhartha We will follow this through			



Teimpléid le híoslódáil



Clár na bPobal Fuinnimh Inbhuanaithe Cairt

Name: **Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe Bhaile Uí Cheallaigh**



Sustainable Energy Communities Programme



Fís	Misean	Spríocanna
Is é an fhís atá againn:	Is é an misean atá againn:	Tá sé mar aidhm againn:
Baile atá beagnach neodrach ó thaobh carbóin de a chuimsíonn gach duine agus a thugann tacaíocht dóibh san aistriú fuinnimh.	Ceannaireacht fuinnimh agus inspioráid a chur ar fáil do gach ball dár bpobal chun Baile Uí Cheallaigh ísealcharbóin a bhaint amach.	- Teagmháil a dhéanamh lenár bpobal agus éisteacht lena riachtanais fuinnimh. - Gach duine sa phobal a chur ar an eolas faoi thionscnaimh fuinnimh agus faoi na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh. - Bonnline a leagan síos agus a thuiscint maidir leis an éileamh agus an úsáid fuinnimh i mBaile Uí Cheallaigh d'fhonn deiseanna a shainiú le haghaidh éifeachtúlachtaí ar chostas íseal nó gan chostas, iarfheistiú agus tionscadail fuinnimh in-athnuaite. - Méadú a chur ar an bhfeasacht faoi theicneolaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh agus ar an nglacadh leo chun astaíochtaí carbóin inár bpobal a laghdú. - Eolas faoina bhfuil bainte amach ag pobail eile ina n-aistear chuig toadhchá atá neodrach ó thaobh carbóin de a chothú agus cur leis an eolas sin.

Ár nGníomhartha

Bainfidimid é sin amach trí:

Teagmháil leis an bPobal

- Comhoibriú agus teagmháil éifeachtach leis an bpobal i gcoitinne trí imeachtaí ar an láthair agus suirbhéanna ar líne, chun tuiscint a fháil ar riachtanais ár bpobal agus chun tacú leo.
- Foghlaim ónár meantóir SEAI, ón taithí a bhí ag pobail eile sa Líonra PFI agus caidrimh a fhorbairt le grúpaí pobail agus gnóilachtaí tábhachtacha.

Measúnú a dhéanamh ar an éileamh fuinnimh agus ar na deiseanna fuinnimh i mBaile Uí Cheallaigh

Iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú 100% ó SEAI chun Máistirphlean Fuinnimh a fhorbairt do Baile Uí Cheallaigh in 2025.

- Oibriú lenár meantóir agus lenár gconraitheoir sannta chun an Máistirphlean Fuinnimh a fhorbairt agus a sholáthar.

- Máistirphlean Fuinnimh Bhaile Uí Cheallaigh a sheoladh sa phobal i gcoitinne in 2026.

Oideachas agus Feasacht

- Imeachtaí ar líne agus ar an láthair a óstáil agus freastal orthu, ar imeachtaí iad a bheidh iomchuí don phobal chun oideachas agus eolas a thabhairt dóibh faoi bhearta a fhéadfaidh siad a dhéanamh ina ngnáthshaol.
- An glacadh le tionscadail agus tionscnaimh éifeachtúlachta fuinnimh inár bpobal chun laghdú a chur ar ár n-astaíochtaí carbóin a léiriú.

Tionchar a roinnt

- Ár gcuid oibre agus téama an fhuinnimh inbhuanaithe a chur chun cinn sa phobal agus sa Líonra PFI.

We the undersigned are fully supportive of, and commit to the vision, goals and implementing actions to realise our ambitions in and for our community.

[Signature]

[Signature]

[Signature]

[Signature]

[Signature]



3 Comhpháirtíochtaí a fhorbairt

Baineann PFIanna rath amach trí chomhoibriú le comhpháirtithe a bhfuil comhfhís acu. Déan nasc le heagraíochtaí atá gníomhach i do phobal áitiúil chun níos mó daoine a aimsiú agus comhspricanna a bhaint amach le chéile. Scrúdaigh tionscnaimh Eorpacha lena fháil amach cad iad na tacaíochtaí a d'fhéadfadh do PFI a úsáid le linn d'aistir. Seo léarscáil de naisc chun tosú amach air sin.

Tionscnaimh AE do Phobail Fuinnimh

Scrúdaigh Ardán REScoop an AE

Comhoibriú le do Bhaile Slachtmhar Áitiúil

Déan nasc le d'Údarás Áitiúil

Clár Oideachais agus Óige SEAI: Déan teagmháil le do scoil áitiúil

Téigh i dteagmháil le do Chuideachta Forbartha Áitiúil

Clár na gClubanna Glasa, CLG: Déan teagmháil le do CLG áitiúil

Déan rochtain ar an Lónra Rannpháirtíochta Poiblí i do cheantar

Ardán an AE do Phobail Fuinnimh

Treoir maidir le Maoiniú Náisiúnta do PFIanna

PLEANÁIL

Sa chéim seo, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú 100% ó SEAI chun do Mháistirphlean Fuinnimh (EMP) féin a fhorbairt.

Sa chéim seo, déanfaidh tú na nithe a leanas le tacaíocht ó do mheantóir:

- ✓ Cleachtadh scóipe réamh-EMP agus iarratas ar mhaoiniú a dhéanamh.
- ✓ Sainchomhairleoir teicniúil a cheapadh chun oibriú leat chun do EMP a thabhairt chun críche.
- ✓ Cruinniú tosaigh a reáchtáil agus comhaontú a fháil maidir le nithe insoláthartha sonracha, freagrachtaí, amlínte agus minicíocht na cumarsáide don tionscadal.
- ✓ Do EMP a chur faoi bhráid do phobail chun tacú leis na torthaí a scaipeadh níos leithne agus chun gníomhaíocht áitiúil a spreagadh.



PFI Bhaile Loch Garman


Cad é Máistirphlean Fuinnimh?

Cabhraíonn EMP leat na riachtanais fuinnimh atá ag do phobal faoi láthair agus a bheidh acu amach anseo a thuiscint, agus ba cheart dó a bheith ag teacht le do chairt phobail.

Ar EMP a chríochnú dó, ba cheart go mbeadh tuiscint mhaith ag pobal

- ar an gcaoi a n-úsáidtear fuinneamh go háitiúil,
- ba cheart go mbeadh sé in ann deiseanna a chur in ord tosaíochta, agus
- ba cheart go mbeadh plean gníomhaíochta soiléir aige don ghearrthéarma nó don mheántéarma ina leagtar amach na bearta praiticiúla chun leas a bhaint as na deiseanna sin.

Ba cheart go mbeadh pobail in ann an bonnline fuinnimh a shainaithint freisin agus feabhas intomhaiste a chur ar an mbonnline sin tar éis dóibh tionscadail fuinnimh a chur i gcrích, mar shampla, ba cheart go mbeidís in ann a fheiceáil cé mhéad cileavata nó astaíochtaí CO₂ is féidir leo a shábháil tar éis bearta rathúla a dhéanamh.



Róil agus Freagrachtaí maidir le Forbairt PFI

Tá sé tábhachtach ról agus freagrachtaí gach páirtí i soláthar an EMP a thuiscint agus a dhearbhu chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh agus plean ardchaighdeán a chur le chéile a bheidh uathúil do riachtanais agus spriocanna do phobail.

Sainchomhairleoir an Mháistirphlean Fuinnimh

- Treoir theicniúil a chur ar fáil
- Faisnéis agus sonraí fuinnimh a chur i dtoll a chéile agus a léirmhíniú
- Iniúchtaí fuinnimh/measúnaithe fuinnimh tí comhaontaithe a chur i gcrích
- Tuarascáil ar an Máistirphlean Fuinnimh, treoiclár agus straitéis a tháirgeadh chun tionscadail a chur i gcrích laistigh den Chlár Deiseanna
- Leibhéal teagmhála praiticiúil leis an PFI a choimeád ar bun i rith an phróisis
- Treoir agus tacaíocht a thabhairt le teagmháil leis an bpobal
- Imeachtaí pobail tábhachtacha ón Máistirphlean Fuinnimh a réachtáil

Meantóir SEAI

- Tacaíocht agus treoir a thabhairt do PFI i rith phróiseas an Mháistirphlean Fuinnimh
- Iarratas ar Dheontas don Mháistirphlean Fuinnimh
- Sonraí bonnlíne POS & RFF a chur i dtoll a chéile
- Iarratas ar Mheastacháin, tuarascáil faoin measúnú ar thairiscintí don Údarás Áitiúil, conradh don Mháistirphlean Fuinnimh
- Dréacht-Athbhreithnithe ar an Máistirphlean Fuinnimh
- Freagrachtaí an Mheabhráin Tuisceana (MoU) a chomhordú leis an PFI agus leis an Údarás Áitiúil

An Fhoireann PFI

- An Tuarascáil ar an Máistirphlean Fuinnimh a bhrú chun cinn agus a stiúradh
- Na doiciméid don tairiscint le haghaidh sainchomhairleora a ullmhú le do mheantóir
- Foirgnimh/tithe a bhfuil iniúchadh le déanamh orthu a roghnú agus rochtain ó na húinéirí a éascú
- Sonraí faoi úsáid fuinnimh i bhfoirgnimh a bhailiú agus suirbhéanna a dhéanamh ar phobail
- I gcás Mheabhrán Tuisceana, an tÚdarás Áitiúil a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn nó moilleanna ar an Máistirphlean Fuinnimh agus cur i gcrích sásúil nithe insoláthartha a dhearbhu sula n-íoctar sonraisc
- Athbhreithniú a dhéanamh ar dhréacht-Mháistirphleananna Fuinnimh agus ar an tuarascáil deiridh agus iad a cheadú

Údarás Áitiúil

Má chuireann an t-údarás áitiúil tacaíocht airgeadais ar fáil déanann siad:

- Litir tacaíochta airgeadais a chur ar fáil (céim an iarratais)
- Iarratais ar luachan a eisiúint chuig sainchomhairleoirí féideartha
- Conradh don Mháistirphlean Fuinnimh a eisiúint chuig an sainchomhairleoir a n-éiríonn leis nó léi
- Íocaíochtaí as garspriocanna san EMP a dhéanamh leis an sainchomhairleoir

1 Iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú 100% do Mháistirphlean Fuinnimh

Cuirfidh SEAI deontas 100% ar fáil chun costais sainchomhairleora sheachtraigh a chlúdach chun cabhrú le do phobal EMP a fhorbairt. Íoctar an deontas go siarghabhálach, is féidir iarratas a dhéanamh air ar feadh na bliana, agus bíonn luachanna éagsúla i gceist leis, ag brath ar mhéid do PFI. Léirítear sa tábla an scála maoinithe ar féidir leat iarratas a dhéanamh air.

Tá uimhir thagartha cánach (TRN) bhailí ag teastáil do gach príomhiarratasóir tráth an iarratais. Cinntíonn sé sin gur eisíodh deimhniú imréitigh cánach an phríomhiarratasóra agus seachnaítear moilleanna i rith an phróisis aisíocaíochta deontais.

Treoir & teimpléid le híoslódáil

Treoir faoi iarratas ar Mhaoiniú EMP & faoin bPróiseas Éilimh



Foirm iarratais ar Mhaoiniú EMP



Tacaíocht airgeadais ar fáil ó Údarás Áitiúla

Tá Meabhrán Tuisceana (MoU) ag SEAI le roinnt údarás áitiúil, chun maoiniú a thabhairt do phobail chun cabhrú leis an Máistirphlean Fuinnimh a ullmhú.

Ciallaíonn sé sin go n-eiseoidh an tÚdarás Áitiúil an tIarratas ar Luachan (RFQ) agus an conradh, go ndéanfaidh sé na híocaíochtaí leis an sainchomhairleoir, agus go mbainisteadh sé tarraingt anuas an deontais ó SEAI. Laghdaíonn sé sin an t-ualach airgeadais agus riaracháin ar phobail. Beidh do mheantóir in ann a chur in iúl duit cibé an bhfuil do chontae cláraithe le haghaidh sin.

Leibhéal 04

Baile mór, cathair, réigiún, náisiúnta
Caiteachas Bliantúil an Phobail ar Fhuinneamh:
Os cionn €20,000,000

Maoiniú don EMP €25,000

Leibhéal 03

Baile, limistéar uirbeach
Caiteachas Bliantúil an Phobail ar Fhuinneamh:
Suas le €20,000,000

Maoiniú don EMP €20,000

Leibhéal 02

Sráidbhaile, baile beag, oileán
Caiteachas Bliantúil an Phobail ar Fhuinneamh:
Suas le €2,000,000

Maoiniú don EMP €15,000

Leibhéal 01

Sráid, sráidbhaile beag, forbairt(i) ilaonad
Caiteachas Bliantúil an Phobail ar Fhuinneamh:
Suas le €500,000

Maoiniú don EMP €10,000

Scóipeáil EMP agus bailiú sonraí

Ba cheart do d'fhoireann athbhreithniú a dhéanamh ar do chairt phobail agus cinneadh a dhéanamh faoina mbeidh san áireamh san EMP. Bí aireach ar d'acmhainneacht agus ar do raon feidhme.

Déanfaidh tú cleachtadh scóipe tosaigh le do mheantóir lena leagfar amach achoimre ardleibhéil ar na limistéir gheografacha, earnálacha, eagraíochtaí agus saoráidí is mian leat a chur san áireamh sa togra don iarratas ar mhaoiniú EMP. Cabhróidh an cleachtadh sin leat scála an EMP a mbeidh tú in ann tacú leis a chinneadh, agus an caiteachas fuinnimh leis na húsáideoirí éagsúla sa phobal.

Forbraíodh deais mapála chun deis a thabhairt duit sonraí tábhachtacha faoi chúrsaí chónaithe a iniúchadh agus a ullmhú, agus iad a mhiondealú ar leibhéal an phobail le haghaidh do sprioc-cheantair san EMP. Ligfidh an deais EMP duit tuiscint a fháil ar an stoc tithíochta cónaithe atá i do sprioc-cheantar faoi láthair ar bhealach iomasach físiúil. Tugann sí sonraí mionsonraithe ar áitribh a bhfuil measúnuithe um Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER) déanta orthu.

Ina theannta sin, is féidir leat sonraí a íoslódáil chuig scarbhileog chun tuilleadh anailíse a dhéanamh orthu, léarscáileanna faisnéiseacha le haghaidh tuarascálacha a phriontáil agus monatóireacht a dhéanamh ar an nglacadh le maoiniú deontais SEAI i limistéar do EMP.

Cabhróidh do mheantóir contae leat trí oiliúint a chur ort sa chaoi leis an uirlis seo agus uirlisí sonraí ar líne eile a úsáid, agus i sonraí a fháil ó bhunachair sonraí eile, mar shampla Sonraí Daonáirimh i gCeantair Bheaga ón CSO.

Deais EMP an
PFI agus Treoir
d'Úsáideoirí



Litir Thairisceana

Chomh luath agus a cheadófar an deontas gheobhaidh tú litir thairisceana (ar a dtugtar comhaontú deontais freisin). Ar an gcoinníoll go seolann tú an litir shínithe ar ais laistigh de 14 lá ón dáta a fuarthas í, is féidir leat tosú ar do EMP. Leagtar amach téarmaí an deontais sa litir thairisceana.

Seo a leanas roinnt téarmaí tábhachtacha le tabhairt faoi deara:

1. An méid arna dámhachtain
2. An dáta tosaithe agus an dáta deiridh
3. Coinníollacha a bhaineann leis an Meabhrán Tuisceana (más infheidhme)

Na doiciméid nach mór a chur isteach le haghaidh éileamh:

- Tuarascálacha eatramhacha ar an EMP (éilimh eatramhacha)
- Foirm Iarratais Íocaíochta (gach éileamh)
- Sonraisc (gach éileamh)
- Ráitis Bhainc (gach éileamh)
- Litir CBL ina luaitear nach féidir CBL a éileamh ar ais ar pháipéar ceannteidil na gCoimisinéirí Ioncaim má dhéantar éileamh ar an gcuid CBL de chostais an tionscadail (an chéad éileamh garsprice)
- Deimhniú Imreítigh Cánach
- Leagan deiridh den tuarascáil ar an EMP (agus cúrsaí cosanta sonraí san áireamh) le foilsiú (éileamh deiridh)


Beidh an deontas bailí ar feadh 12 mhí, rud a thugann go leor ama duit chun do thosaíochtaí a shainaithint, sainchomhairleoir seachtrach a aimsiú agus do EMP a fhorbairt i gcomhar le do phobal.

2 Sainchomhairleoir a cheapadh

Iarratas ar Luachan

Oibreoidh tú le do Mheantóir chun iarratas ar Luachan a fhorbairt agus chun freagraí a mheas, chun gairmí fuinnimh oiriúnach a aimsiú chun an ghné theicniúil den phlean a dhéanamh. Mar gheall ar rialacha soláthair phoiblí, iarraidimid ort trí luachan a fháil i scríbhinn (ar ríomhphost, mar shampla) sula ndéanann tú cinneadh ar an sainchomhairleoir ceart chun oibriú leat ar an tionscadal seo. Beidh do mheantóir in ann tú a threorú tríd an gcéim seo agus na treoirdhoiciméid ábhartha a chur in iúl duit, chomh maith leis na teimpléid don iarratas ar Luachan agus don Mheastóireacht ar Luachan atá ar fáil ar bhord Trello an PFI.

Treoir & teimpléid le híoslódáil



Cruinniú Tosaigh an Chonartha

Is é an chéad chruinniú leis an sainchomhairleoir agus le do mheantóir an fóram chun nithe insoláthartha, freagrachtaí agus amlínte an tionscadail a phlé agus a chomhaontú. Tugann sé sin soiléire do gach duine atá páirteach faoin gcuid eile den phróiseas. Áirítear na nithe a leanas leis na nithe insoláthartha atá le plé, gan a bheith teoranta dóibh:

- Tábhacht na bonnlíne fuinnimh maidir le do thionscadal (beidh sí sin éagsúil i measc PFIanna) agus, dá bhrí sin, an méid mionsonraí agus ama a bheidh de dhíth ón sainchomhairleoir.
- Líon agus cineálacha na n-iniúchtaí. An méid cúnaimh a bheidh de dhíth ó do PFI ón sainchomhairleoir chun suirbhéanna pobail a fhorbairt.
- An plean maidir le conas agus cathain is ceart teagmháil a dhéanamh leis an bpobal i gcoitinne agus le comhpháirtithe straitéiseacha.
- Minicíocht na cumarsáide i rith an tionscadail a chomhaontú. Laghdófar moilleanna trí sheisiúin faisnéise ghearra, tráthrialta a chur ar an sceideal.

Do ról agus príomhthacaíochtaí

Tá an príomhtheagmhálaí EMP le haghaidh do PFI freagrach as comhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn in aghaidh an phlean oibre agus na ngarspriocanna a comhaontaíodh leis an sainchomhairleoir a ceapadh duit. I gcás ina bhfuil EMP le tabhairt chun críche faoi Mheabhrán Tuisceana, is é nó í ceannaire an tionscadail a bheidh freagrach as an údarás áitiúil a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn nó faoi mhoilleanna ar an EMP agus as cur i gcrích sásúil nithe insoláthartha a dhearbhu sula n-íoctar sonraisc.

Tá do mheantóir ann chun treoir agus tacaíocht a thabhairt duit fad a bheidh do EMP á fhorbairt, agus tá an sainchomhairleoir a ceapadh duit ann chun é sin a chur i gcrích in éineacht leat.

3 Do Mháistirphlean Fuinnimh a Thabhairt Chun Críche

Suirbhé ar an bpobal áitiúil

Tá sé tábhachtach an suirbhé ar an bpobal áitiúil a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil faisnéis mhaith ar an leibhéal áitiúil agat agus spéis ag an bpobal i gcoitinne sa tionscadal. Leis an suirbhé seo, cuirtear in iúl don phobal go bhfuil EMP ag tarlú ina gceantar, cad atá beartaithe leis, agus tugtar aiseolas duit le cur isteach sa phlean. I measc samplaí de théamaí suirbhé tá iompar nó feasacht fuinnimh. Tabharfaidh do mheantóir contae tuilleadh teorach duit freisin.

An Clár Deiseanna

Maidir leis na tionscadail go léir um éifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite agus teicneolaíocht chliste arna shainaithint le linn bhailiú sonraí agus ceardlanna EMP, déanfaidh an sainchomhairleoir iad a thaifeadh i dteimpléad clár deiseanna. Is dócha go mbeidh raon leathan tionscadal féideartha ann, ó fheachtais feasachta go dtí bearta sábhála agus uasghrádaithe fuinnimh tí, go dtí giniúint fuinnimh in-athnuaite.

Úsáidtear scagairí amhail costas, kWh sábháilte, laghduithe CO₂ agus aisíocaíocht shimplí i dteimpléad an SEAI ionas gur féidir tionscadail a chur in ord tosaíochta.

Teimpléid le híoslódáil

An Clár Deiseanna Teimpléad



“Ba cheart d’aon ghrúpa atá ag dul i mbun an phróisis EMP a bheith an-soiléir faoin méid is mian leo a fháil uaidh ionas go mbainfidh siad leas as.”

Comharchumann Fuinnimh Oileáin

Árann Teoranta (CFOAT)

Imeachtaí teagmhála leis an bpobal

Tá sé ríthábhachtach teagmháil a dhéanamh leis an bpobal agus an EMP á fhorbairt chun rannpháirtíocht níos leithne a bhaint amach agus móiminteam a choinneáil ar bun. De réir dea-chleachtais, reáchtálfá trí ghníomhaíocht teagmhála ar a laghad sa phobal i gcoitinne.

Imeacht Tosaigh

Cuir do phleananna agus na tairbhí a bhfuiltear ag súil leo ó na tionscadail in iúl don phobal. Spreagfaidh sé sin rannpháirtíocht sa suirbhé pobail agus úinéirí tí a shainaithint le haghaidh iniúchtaí.

Cruinniú Leathbhealaigh

D'fhéadfadh sé a bheith áisiúil cruinniú leathbhealaigh a reáchtáil chun an pobal a chur ar an eolas faoin dul chun cinn. Is féidir leat clinic faoi uasghráduithe ar fhuinneamh tí a reáchtáil ag an am céanna chun cur le heolas agus feasacht.

Imeacht Deiridh: An Seoladh

Na príomhthorthaí agus deiseanna do do phobal a sainaithníodh san EMP a chur in iúl dóibh. Cuirtear cainteoirí agus taispeántóirí éagsúla i láthair ag imeachtaí seolta agus is féidir taispeántais agus clinicí fuinnimh a reáchtáil in éineacht leo.

Trí chuireadh a thabhairt do phríomhpháirtithe leasmhara, is féidir leis an lucht freastail foghlaim faoi athfheistiú agus faoi na gníomhaíochtaí fuinnimh inbhuanaithe ina gceantar, líonrú a dhéanamh agus iniúchadh a dhéanamh ar theicneolaíochtaí agus seirbhísí spárála fuinnimh – agus cuirtear fáilte roimh thae, caife agus sneaiceanna i gcónaí!

Íocaíochtaí leis an Sainchomhairleoir agus Garspriocanna

Nuair a eisíonn an sainchomhairleoir an sonrasc agus na nithe insólathartha gaolmhara, beidh an Ceannaire EMP sa PFI freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar an iarratas ar íocaíocht i gcoinne na hoibre a rinneadh agus téarmaí an chonartha.

Doiciméid le híoslódáil



Beidh do mheantóir in ann cabhrú leat mar athbhreithnitheoir teicniúil. I gcás Mheabhrán Tuisceana, cuirfidh do mheantóir litir ar fáil don údarás áitiúil a dheimhneoidh go ndearnadh an obair agus gur glacadh léi de réir théarmaí an chonartha, agus molfaidh sé nó sí gur féidir an sonrasc a íoc.

An Próiseas Aisíocaíochta Deontais

Tá iarratais ar íocaíocht, chomh maith leis na doiciméid tacaíochta riachtanacha, le cur isteach ag an bPríomhiarratasóir. I gcás EMP a tugadh chun críche faoi Mheabhrán Tuisceana, déanfaidh an t-údarás áitiúil é a sheoladh chuig sec@seai.ie. Ceadaítear suas le ceithre íocaíocht gharsprice. Is féidir le do mheantóir cabhrú leat leis an bpróiseas éilimh. Tá na doiciméid seo a leanas ar fáil ar Bhord Trello an PFI chun cabhrú leat.

DÉAN

Comhghairdeas, tá do EMP tugtha chun críche agat. Tá tú ar an eolas anois faoi riachtanais do phobail agus na deiseanna tionscadail atá ar fáil duit. Tacóidh do mheantóir leat na hacmhainní agus na bealaí a shainaithint chun do chuid uailmhianta a bhaint amach i do phobal.

Baineann Céim an Déanta le teagmháil leanúnach a dhéanamh le do phobal agus tacaíocht a fháil ó do mheantóir chun do chéad tionscadal nó tionscnamh eile a chur i bhfeidhm trí:

- ✓ Athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar éachtaí - Clár deiseanna a choinneáil, na chéad chéimeanna eile a mheas agus dul chun cinn a dhoiciméadú.
- ✓ Scileanna agus uailmhianta a bheachtú - Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar do scileanna, do dheiseanna agus do chairt lena chinntiú go bhfuil siad ag teacht le spriocanna atá ag athrú i gcónaí.
- ✓ Leas a bhaint as tacaíocht agus acmhainní - Úsáid a bhaint as meantóirí, uirlisí tionscadail, piaraí agus acmhainní eile mar bhealaí chuig gníomhaíocht.
- ✓ Nascadh agus roinnt: Teagmháil a dhéanamh le do líonraí piaraí agus leis an bpobal i gcoitinne chun saineolas a roinnt, tacú le foghlaim agus éachtaí a cheiliúradh.



1 Do Chéad Chéim Eile a Shainaithint

Agus do EMP tugtha chun críche agat tá níos mó eolais agat faoi riachtanais fuinnimh do phobail anois agus faoi na deiseanna tionscadail atá ar fáil chun tacú le teaghlaigh, gnólachtaí agus forbairt pobail. Anois an t-am le measúnú a dhéanamh ar cá bhfuil do phríomhfhócas, cad is indéanta agus cad is féidir libh a bhaint amach mar phobal. Tá sé rithabhachtach ag an bpointe seo do choiste a thabhairt le chéile agus athmheasúnú a dhéanamh ar do fhís ionas go mbeifear in ann a chur ar chumas do phobail an chéad chéim eile, agus an chéim is fearr, a ghlacadh.

Athbhreithniú agus Measúnú

Déan athbhreithniú ar an gclár deiseanna agus ar an straitéis forbartha tionscadal chun measúnú a dhéanamh ar thosaíochtaí.

- Cad iad na príomhléargais agus na príomhthionscadail ó do EMP ar mhaith leat dul ar aghaidh leo?
- Cad é an chéad tionscadal nó tionscnamh is fearr is féidir leat a chur i bhfeidhm?

Leasaigh do mheasúnú ar scileanna agus do mhapáil deiseanna chun an áit a bhfuil tú anois a léiriú.

- An féidir leat leas a bhaint as do láidreachtaí chun tuilleadh tionchair a imirt?
- An bhfuil scileanna breise nach mó duit a fhorbairt?
- An bhfuil deiseanna eile tagtha chun cinn ar féidir leat leas a bhaint astu nó rochtain a fháil orthu?

Beachtaigh do chairt phobail chun í a ailíniú le d'uaillmhianta tar éis chur i gcrích an EMP.

- An bhfuil an fhís, na haidhmeanna agus na gníomhartha is mian leat a dhéanamh fós i do chairt?
- An bhfuil na gníomhartha indéanta agus réalaióch?
- An gá aon rud a athrú chun an áit a bhfuil tú anois a léiriú?

Leanúint ar aghaidh le Teagmháil a dhéanamh le do Phobal agus iad a Spreagadh le bheith Rannpháirteach

Tá sé cruthaithe go gcoinnítear móiminteam ar bun i rith an aistrithe chuig Céim an Déanta trí rannpháirtíocht agus spéis an phobail i gcoitinne a choinneáil ar bun. Beidh do EMP seolta don phobal cheana féin ag an bpointe seo, ach seans go mbeidh tú ag iarraidh:

- **Do EMP a chur chun cinn tuilleadh don phobal i gcoitinne chun glacadh leis agus dul chun cinn dearfach a spreagadh.** Tá ábhar físe nó bileoga eolais forbartha ag roinnt pobal chun tuilleadh promóisin a dhéanamh.
- **Achoimre mhionsonraithe ar an EMP a chur i láthair** chun deis a thabhairt do phríomh-bhail den phobal nó do chomhpháirtíochtaí tuairimí a thabhairt.
- **Reáchtáil seisiún duine le duine ar ghearrliosta de thionscadail atá beartaithe** chun léargas a bhailiú ón bpobal i gcoitinne maidir leis an gcéad chéim eile is fearr leo.

2 Cur i bhFeidhm an Tionscadail a Ullmhú

Ag obair le do Mheantóir

Nuair a bheidh do chéad chéim eile sainaitheanta agat, oibreoidh do mheantóir leat agus tabharfaidh sé nó sí tacaíocht duit chun tú a ullmhú leis an gcéim sin a chur i gcrích i do phobal. Beidh sé sin ag brath ar uaillmhianta do phobail agus d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist:

- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na conairí ó do EMP go dtí gníomhaíocht.
- Tú a nascadh le tionscadail taispeána pobail ábhartha.
- Tú a threorú chuig conairí oiriúnacha maidir le tacaíochtaí ó SEAI agus ó mhaoiniú deontais náisiúnta, agus iarratais a ullmhú.
- Treoir a thabhairt duit chun comhairle theicniúil iomchuí a fháil trí thacaíocht le bainistiú tionscadal nó le féidearthacht tionscadal.

Cruthaitheach Gníomhú ar son na hAeráide

Cabhrú leat Dul Ó Phlean go Déan

Ba thionscadal é Ó Phlean go Déan a mhaoinigh Éire Ildánach mar chuid dá gCiste um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide agus a rith Context Studio go neamhspleách i gcomhar le roinnt PFIanna, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Zero Carbon. Cuireann a gcuid oibre le hobair SEAI chun tacú le pobail dul ó phleanáil go dtí gníomhaíocht.

Scrúdaigh na hacmhainní ar an suíomh gréasáin chun tacú leat dul ó Phlean go Déan. Is acmhainn úsáideach é an teimpléad don Leabhar Oibre Tionscadail chun do chéad tionscadal nó tionscnamh eile a leagan amach go tapa agus go héifeachtúil, measúnú a dhéanamh ar an méid a theastóidh uait chun tús a chur leis, agus na céimeanna chun é sin a bhaint amach a bhriseadh síos.

Déantar Ó Phlean go Déan a dhearadh in éineacht le PFIanna, mar sin más mian leat do scéal a roinnt nó má spéis leat do thaithí ar na hacmhainní sin a úsáid a roinnt, tá a gcuid mionsonraí teagmhála ar fáil ar an suíomh gréasáin.

3 Conairí chuig gníomhaíocht

Leanann PFIanna conairí difriúla ag brath ar riachtanais fuinnimh an phobail, na hacmhainní atá ar fáil dóibh agus a gcuid spreagthaí ag an am, ach tá siad uile spreagúil sa mhéid atá á bhaint amach acu.

Léigh faoi cuid den obair atá déanta cheana féin i bpobail ar fud na hÉireann. Is foinse saineolais agus eolais é do líonra piaraí maidir le bheith rannpháirteach nó ag comhoibriú ar thionscadail.

Bain úsáid as do mheantóir, as imeachtaí ar an láthair agus as ardáin éagsúla SEAI chun teagmháil a dhéanamh le do phiaraí chun inspioráid agus treoir a fháil.

Tabhair cuairt ar an suíomh Gréasáin Ó Phlean go Déan



Íoslódáil an Teimpléad don Leabhar Oibre Tionscadail



Tugann PFIIna tacaíocht d'úinéirí tí maidir lena roghanna uasghráduithe agus tugann siad treoir dóibh maidir le deontais ó SEAI.



PFI Chuaille



Clew Bay Hotel i gCathair na Mart, Co. Mhaigh Eo.

Uasghráduithe Fuinnimh Tí

Tacaíonn roinnt mhaith PFIIna le húinéirí tí ina bpobal trí imeachtaí a reáchtáil go háitiúil faoi uasghráduithe fuinnimh, agus tacaíocht d'úinéirí tí iarratais a dhéanamh ar dheontais. Cuireann an rannpháirteachas sin méadú ar éifeachtúlacht fuinnimh i dtithe trí iarfheistiú, uasghráduithe ar insliú agus córais teasa éifeachtúla a shuiteáil. Cuireann na huasghráduithe sin laghdú ar ídiú fuinnimh, laghdú ar chostais agus feabhsú ar chompond do chónaitheoirí.

Deontais Fuinnimh Tí

Íasacht Ísealchostais le haghaidh Uasghrádú Fuinnimh Tí

Uasghráduithe Fuinnimh Pobail

Díríonn roinnt pobal ar éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i bhfoirgnimh phobail nó i saoráidí spórt trí iarfheistiú, uasghrádú ar insliú agus córais teasa éifeachtúla a shuiteáil.

Cás-Staidéir

PFI Chuaille

Tacaíochtaí Fuinnimh Pobail SEAI

Deontais Fuinnimh Pobail

Uasghráduithe Fuinnimh do Ghnólachtaí

Is féidir le gach ionad oibre fuinneamh a shábháil. An chéad chéim ná fuinneamh san ionad oibre a bhainistiú le cur chuige struchtúrtha. Tá roinnt uirlisí agus tacaíochtaí forbartha ag SEAI chun cabhrú le fuinneamh a shábháil san ionad oibre, cé acu atá bainistiú fuinnimh á thabhairt isteach den chéad uair nó mar chuid de phleananna gnó chun na hiarrachtaí atá ann cheana féin a uasghrádú.

Cás-Staidéir

Clew Bay Hotel

Tacaíochtaí SEAI do Ghnólachtaí

Deontais Fuinnimh do Ghnólachtaí

Is féidir le Cistí Sochair Pobail tacú le fiontair phobail sheachbhrabúsacha.



Le Meitheal Gréine, cuirtear eolas ar fáil d'úinéirí tí agus déantar grúpa de na húinéirí tí i gceantar áitiúil ar mian leo painéil Fhótavoltacha Gréine (PV) a shuiteáil ar a dtithe.



Is líonra réamhghníomhach faoi stiúir an phobail é PFI Eochaille a fheidhmíonn Mol Fuinnimh buail isteach do phobail.



Foinsí In-athnuaite Fuinnimh sa Phobal

Oibríonn roinnt pobal chun tionscadail fuinnimh in-athnuaite áitiúla a fhorbairt, mar shampla páirceanna fuinnimh gréine nó feirmeacha gaoithe beaga. Is réimse é seo atá ag teacht chun cinn agus a bhfuil mar aidhm leis fuinneamh glan a ghiniúint atá faoi úinéireacht an phobail, agus á oibriú agus á bhainistiú ag an bpobal. Cuireann SEAI tacaíochtaí éagsúla ar fáil tríd an gCreat Cumasúcháin Pobail, chomh maith le rochtain ar Chomhairleoirí Lontaofa SEAI.

Comhcheannach

Is féidir le pobail páirt a ghlacadh i scéimeanna comhcheannaigh fuinnimh, áit a ndéanann grúpa tomhaltóirí margaí níos fearr a bheartú le soláthraithe fuinnimh. Féadann praghsanna fuinnimh níos inacmhainne agus roghanna fuinnimh níos glaise, seans, eascairt as sin do theaghlaigh rannpháirteacha, e.g. le haghaidh PV gréine nó uasghráduithe inslithe. Is féidir le do mheantóir tacú leat an cur chuige sin a fhorbairt do do phobal.

Rannpháirteachas agus Oideachas

Is é oideachas an tosaíocht do roinnt pobal lena chur ar a gcumas do na daoine a n-úsáid fuinnimh a thuiscint agus roghanna eolasacha a dhéanamh. Baintear é sin amach trí fhoghlaím chomhroinnte faoi réitigh fuinnimh, le himeachtaí oiliúna, ceardlanna, agus seisiúin faisnéise, chun oiliúint a chur ar bhail i gcleachtais fuinnimh inbhuanaithe, maoiniú deontais agus deiseanna deontas.

Tacaíochtaí Fuinnimh Pobail SEAI

Creat Cumasúcháin Pobail SEAI



Cistí Sochair Pobail



Tacaíochtaí Fuinnimh Pobail SEAI

Meitheal PV Gréine Cumasúcháin Pobail SEAI



Cás-Staidéir

PFI Eochaille



An PFI Triarach,
Buaiteoir Ghradaim
Fuinnimh
SEAI 2024.



Chuir PFI na Mala
Raithní, le tacaíocht ó
LEADER, Scéim Pobail um
Rothair Leictreacha
i bhfeidhm.



Tá PFI Dhún Léire,
ag feidhmiú mar an
Fhoireann Fuinnimh, ag
roinnt a saineolais chun
tacú le PFIanna eile.



Tionscadail AE

Tá roinnt PFIanna ar fud na tíre páirteach i dtionscnaimh AE chun tionchar a bhaint amach ina bpobail. Mar shampla, Athchóiriú faoi Stiúir na Saoránach de chuid an AE, ar seirbhís tacaíochta í atá maoinithe ag an AE chun pobail a chumhachtú. Tá an PFI Triarach, trí PFI uirbeacha in aice a chéile a nascann PFI na Cabraí, PFI Bhóthar na gCloch agus PFI Shráidbhaile Bhaile Phib, ar cheann de na grúpaí sin.

Iompar Inbhuanaithe

Déanann roinnt PFIanna iompar inbhuanaithe agus réitigh don taisteal gníomhach a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm go gníomhach chun astaíochtaí carbóin a laghdú agus soghluaisteacht áitiúil a fheabhsú. Chuir an Mhala Raithní, le tacaíocht ó LEADER, Scéim Rothar Leictreach Pobail i bhfeidhm agus tá trí PFI i Sligeach (An Leathros, Pointe na Rosann agus Baile Shligigh) ag moladh bealach rothaíochta faoi chosaint ón Leathros go dtí Pointe na Rosann a chruthú.

Forás PFIanna

Tá roinnt PFIanna tar éis athrú ina struchtúir níos foirmiúla, agus ról níos leithne á ghlacadh acu maidir le bainistiú fuinnimh agus inbhuanaitheacht ina réigiún. Tugann an forás sin deis dóibh teacht ar mhaoiniú breise, tionscadail ar scála níos mó a chur i bhfeidhm, seirbhísí níos cuimsithí a chur ar fáil do phobail agus tacaíocht a thabhairt do PFIanna eile.

Cás-Staidéir

An PFI
Triarach



Cás-Staidéir

PFI na Mala
Raithní



Cás-Staidéir

Foireann
Fuinnimh
PFI Dhún
Léire



Naisc

Lch 6. Léarscáil de Phobail Fuinnimh Inbhuanaithe SEAI

Lch 9. Do Threoir PFI a Chur ar Bun

Lch 10. Scileanna agus Deiseanna

Lch 11. Chairt Phobail

Lch 13. Clár na gClubanna Glasa, CLG

Lch 13. Déan teagmháil le d'Údarás Áitiúil

Lch 13. Déan rochtain ar do Líonra Rannpháirtíochta

Poiblí áitiúil

Lch 13. Clár Oideachais agus Óige SEAI

Lch 13. Comhoibriú le do Bhaile Slachtmhar Áitiúil

Lch 13. Déan teagmháil le do Chuideachta Forbartha Áitiúil

Lch 13. Treoir Náisiúnta Maoinithe do PFI

Lch 13. Féach REScoop

Lch 13. Tionscnaimh AE do Phobail Fuinnimh

Lch 13. Ardán do Phobail Fuinnimh

Lch 17. Treoir faoi Iarratas ar Mhaoiniú EMP

& faoin bPróiseas Éilimh

Lch 17. Foirm Iarratais ar Mhaoiniú EMP

Lch 18. Nasc chuig Deais Pleanála an Mháistirphlean Fuinnimh

Lch 19. Tuarascáil ar an EMP, Iarratas ar Luachan

Teimpléid & Meastóireacht ar Thairiscintí

Lch 20. Teimpléad don Chlár Deiseanna

Lch 21. Foirm Iarratais ar Aisíocaíocht Deontais

Lch 24. An suíomh gréasáin Ó Phlean go Déan

Lch 24. Teimpléad don Leabhar Oibre Tionscadail

Lch 25. Tacaíochtaí um Uasghráduithe Fuinnimh Tí SEAI

<https://www.seai.ie/plan-your-energy-journey/for-your-community/sustainable-energy-communities/sec-map/>

<https://trello.com/c/f5AMINRL/6-establishing-your-sustainable-energy-community>

<https://trello.com/c/qFgz6R8b/56-assess-your-skills-and-map-your-opportunities>

<https://trello.com/c/pRNNQJwp/7-setting-out-your-community-charter>

<https://learning.gaa.ie/GreenClub>

<https://www.localgov.ie/find-my-local-authority?county=All>

<https://www.gov.ie/en/organisation-information/a58b8-community-groups-public-participation-networks/>

<https://www.seai.ie/plan-your-energy-journey/schools>

<https://www.tidytowns.ie/get-involved/find-your-local-committee/>

<https://ildn.ie/directory/>

<https://trello.com/c/mcuzbYw0/43-sec-national-funding-resource-guide><https://trello.com/c/mcuzbYw0/43-sec-national-funding-resource-guide>

<https://www.rescoop.eu/>

https://energy.ec.europa.eu/topics/markets-and-consumers/energy-consumers-and-prosumers/energy-communities_en#initiatives-for-energy-communities

<https://energycommunityplatform.eu/>

<https://trello.com/c/dAoXfmq4/23-apply-for-100-emp-funding>

<https://trello.com/c/dAoXfmq4/23-apply-for-100-emp-funding>

<https://trello.com/c/BZwok4Mq/52-emp-mapping-dashboard>

<https://trello.com/c/iKOsBW9J/55-appoint-an-energy-master-plan-consultant>

<https://trello.com/c/8CDBIRoC/22-complete-your-energy-master-plan>

<https://trello.com/c/8CDBIRoC/22-complete-your-energy-master-plan>

<https://www.fromplantodo.ie/>

<https://www.fromplantodo.ie/diy-community-initiative#:~:text=Download%20Example%20Template>

<https://www.seai.ie/grants/home-energy-grants>

Lch 24. Iasacht Ísealchostais le haghaidh

Uasghrádú Fuinnimh Tí

Lch 25. Cás-staidéar: PFI Chuaille

Lch 25. Tacaíochtaí Fuinnimh Pobail SEAI

Lch 25. Cás-Staidéar: Clew Bay Hotel

Lch 25. Tacaíochtaí SEAI do Ghnólachtaí

Lch 26. Tacaíochtaí Fuinnimh Pobail SEAI

Lch 26. Cistí Sochair Pobail

Lch 26. Meitheal PV Gréine

Lch 26. Cás-Staidéar: PFI Eochaille

Lch 27. Cás-Staidéar: An PFI Triarach

Lch 27. Cás-Staidéar: PFI na Mala Raithní

Lch 27. Cás-Staidéar: PFI Dhún Léire

https://sbci.gov.ie/products/home-energy-upgrade-loan-scheme?gad_source=1&gclid=EALalQobChMIyen99dusiwMVhplQBh0wrhEIEAAYASAAEgJcKvD_BwE

<https://www.youtube.com/watch?v=vcl3yKVJNzM>

<https://www.seai.ie/grants/community-grants>

<https://www.seai.ie/case-studies/ssea-clew-bay>

<https://www.seai.ie/grants/business-grants>

<https://www.seai.ie/grants/community-grants>

<https://cbfnationalregister.seai.ie/public-portal/case-studies/>

<https://www.seai.ie/blog/solar-pv-meitheal>

<https://www.seai.ie/case-studies/youghal-blue-green-community-network-sec>

https://citizen-led-renovation.ec.europa.eu/news/warmer-cheaper-homes-triple-sec-retrofitting-event-empowers-communities-2024-11-20_en

<https://youtu.be/UuoVQFPdQUc?si=Nn4ap8K3yucU55cM>

https://youtu.be/hrUU_Zr8ONw?si=c8AlhB_h93lZpvB



Clár na bPobal Fuinnimh Inbhuanaithe

